# COMHAONTÚ UM CHLÁRAITHEOIR CREIDIÚNAITHE

EURid vzw

Leagan 9.0, 13 Deireadh Fómhair 2022

SAMPLE

# Clár na n-ábhar

Colafan ........ 3
1 SAINMHÍNITHE ........ 4
2 DO RÓL MAR CHLÁRAITHEOIR CREIDIÚNAITHE ........ 5
2.1 Do Chreidiúnú ........ 5
2.2 Do chearta mar Chláraitheoir Creidiúnaithe ........ 6
2.3 Do chuid oibleagáidí mar Chláraitheoir Creidiúnaithe ........ 7
3 DO RÓL MAR PHRÓISEÁLAÍ ........ 8
4 TÁILLÍ AGUS ÍOCAÍOCHT ........ 9
5 FÓRÁLACHA TEICNIÚLA ........ 10
5.1 An nós imeachta C lárúcháin ........ 10
5.2 Rochtain ar ár gcórais agus ár gcórais a úsáid ........ 10
6 AISTRIÚ ........ 11
7 TÉARMA AGUS FOIRCEANNADH ........ 11
7.1 Ár mandáid a fhoirceannadh ........ 11
7.2 Sárú conartha ........ 12
7.3 Foirceannadh láithreach ........ 12
7.4 Féimheacht nó foirceannadh ........ 12
8 NA hIARMHAIRÍ A BHAINEANN LE FOIRCEANNADH ........ 12
9 CEARTA A SHANNADH AGUS GNÍOMHAÍOCHTAÍ FOPHRÓISEÁLA ........ 13
10 SLÁNAÍOCHT ........ 13
11 TEORANNÚ DLITEANAIS ........ 13
12 ILGHNÉITHEACH ........ 13

# Colafan

EURid vzw

Telecomlaan 9 1831 Diegem

An Bheilg

RPR An Bhruiséi- VAT BE 0864.240.405

Uimh Teil. +32 2 401 27 50

info@eurid.eu

https://www.eurid.eu

© Comhaontú Um Chláraitheoir Creidiúnaithe 9.0. (2022)
Tá an t-ábhar seo cosanta ag cóipcheart. Gach ceart ar cosaint.

Seachas le haghaidh úsáid inmheánach, ní féadtar aon chuid den ábhar seo a atáirgeadh agus/nó a fhoilsiú ibhfoirm ar bith nó ar aon dóigh ar bith leictreonach, meicniúil, fotacóipeáil, nó ar aon shlí eile ganchead scríofa an údair roimh ré.

SAMPLE

Déantar an Comhaontú um Chláraitheoir Creidiúnaithe seo ("Comhaontú") ag agus idir EURid vzw agus (ainm an chláraitheora ("tusa")) agus sainmhínítear ann na coinníollacha a bhaineann le do ghníomhú mar chláraitheoir creidiúnaithe d'ainmneacha fearainn .eu agus a chuid athróg i scripteanna eile, chomh maith leis na cearta agus na hoibleagáidí a eascraíonn astu.

# 1 SAINMHÍNITHE

Ciallaíonn '**Creidiúnú**' deonú an chirt agus na hoibleagáide chun Seirbhísí Clárúcháin a thairiscint, mar thoradh ar an bPróiseas Creidiúnaithe a chur i gcrích go rathúil.

Ciallaíonn '**Próiseas Creidiúnaithe**' d'iarratas, ár nglacadh le d'iarratas agus deimhniú i scríbhinn ar do Chreidiúnú, do shíniú leis an gComhaontú seo, go bhfuil tú ag leanúint de bheith ag comhlíonadh an Chomhaontaithe seo agus go n-íocann tú na táillí is infheidhme.

Ciallaíonn **'Cláraitheoir (Creidiúnaithe) (nó 'tusa')** an duine nádúrtha nó an t-eintiteas dlíthiúil atá creidiúnaithe againne chun Seirbhísí Clárúcháin a sholáthar don Sealbhóir Ainm Fearainn, go díreach nó trína athdhíoltóirí, a ghníomhairí nó a fhochonraitheoirí i gcomhréir leis an gComhaontú seo.

Ciallaíonn **'Dlí is Infheidhme maidir le Cosaint Sonraí'** Rialachán 2016/670 an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin ('RGCS'), an dlí náisiúnta is infheidhme maidir le cosaint sonraí agus, mar aon leis sin, treoir ghaolmhar rialála a éiríonn as reachtaíocht den sórt sin, mar a uasdátaítear í ó am go ham.

Tá le '**Rialaitheoir**' an bhrí a thugtar dó sa RGCS

Ciallaíonn '**Ainm Fearainn**' ainm fearainn faoi Fhearann Barrleibhéil .eu agus a chuid athróg i scripteanna eile (.ею agus .ευ).

Ciallaíonn '**Próiseáil Riachtanach ag Cláraitheoir**' an phróiseáil a dhéanann tú ar Shonraí Pearsanta a bhaineann le Cláraí ar sonraí iad a bhfuil dianghá le próiseáil a dhéanamh orthu d'aon toisc ar mhaithe leis an mbainistíocht chustaiméara a dhéanann tú i ndáil leis an gCláraí; nó a ndéantar próiseáil orthu thar ceann aon chlárlainne ainmneacha fearainn eile; nó a bhfuil dianghá le próiseáil orthu ar mhaithe le soláthar teicniúil do chuid seirbhísí agat féin agus thar do cheann féin amháin.

Tá le '**Sonraí Pearsanta**' an bhrí a thugtar dó sa RGCS.

Ciallaíonn '**Sárú i ndáil le Sonraí Pearsanta**' sárú ar shlándáil as a dtiocfaidh scrios, cailleadh, athrú, nochtadh neamhúdaraithe trí thimpiste nó go neamhdhleathach, nó rochtain ar Shonraí Pearsanta a rinneadh a tharchur, a stóráil nó a phróiseáil ar bhealach eile.

Tá le '**Próiseáil**' an bhrí a thugtar dó sa RGCS

Tá le '**Próiseálaí**' an bhrí a thugtar dó sa RGCS

Tagraíonn '**Cláraí nó 'Sealbhóir Ainm Fearainn**' don duine nádúrtha nó don eintiteas dlíthiúil dá ndéanann duine údaraithe atá ag gníomhú ar son eintiteas dlíthiúil den sórt sin ionadaíocht, a chláraigh an tAinm Fearainn trí Chláraitheoir.

Ciallaíonn '**Clárúchán**' an ceart a dheonaítear don Chláraí chun an tAinm Fearainn a úsáid ar feadh téarma teoranta in-athnuaite, gan aistriú maoine, agus faoi réir (i) ár dTéarmaí agus ár

gCoinníollacha d’Ainmneacha Fearainn .eu, .ею agus .ευ agus (2) ráiteas ar bith, reachtúil nó eile, arna ghlacadh ag Institiúid de chuid an Aontais Eorpaigh i ndáil leis sin.

Ciallaíonn ‘**Seirbhísí Clárúcháin**’ na seirbhísí cláraithe, athnuachana, uasdátaithe, aistrithe nó gníomh eile maidir le hAinmneacha Fearainn a thairgtear do Chláraithe, agus seirbhísí teicniúla eile a bhaineann le hAinmneacha Fearainn.

Ciallaíonn ‘**Clárlann**’ (nó ‘**an chéad phearsa iolra de bhriathra**’, nó den ‘**aidiacht shealbhach, den fhorainm pearsanta nó den fhorainm réamhfhoclach**’) an cumann neamhbhrabúis EURid vzw (RPR Brussel – VAT BE 0864.240.405 agus a bhfuil a oifig chláraithe aige in Telecomlaan 9, 1831 Diegem, an Bheilg), arb é bainisteoir clárlainne Fhearann Barrleibhéil .eu, agus a chuid athróg i scripteanna eile arna cheapadh ag an gCoimisiún Eorpach é. Ciallaíonn ‘**Rialacha**’ an reachtaíocht, na rialacháin agus na rialacha (AE) go léir is infheidhme maidir le .eu agus maidir lena athróga i scripteanna eile, na Téarmaí agus Coinníollach d’Ainmneacha Fearainn .eu, .ею agus .ευ, Rialacha ADR, Beartas Príobháideachais agus beartais, rialacha agus/nó rialacháin eile is infheidhme, mar atá foilsithe ar Shuíomh Gréasáin na Clárlainne https://eurid.eu/.

Ciallaíonn **(Fearann) Dara Leibhéal** an t-ainm ar an dara leibhéal in ordlathas Chóras na nAinmneacha Fearain (CAF) díreach faoi bhun FBL, amhail ‘eurid’ in ‘www.eurid.eu’.

Ciallaíonn ‘**Clárúchán amhantrach agus mí-úsáideach**’ Clárúchán atá comhionann le hainm nó atá cosúil leis ar bhealach mearbhlach, a n-aithnítear nó a mbunaítear ceart ina leith leis an dlí náisiúnta agus/nó le dlí an Chomhphobail agus i gcás: (a) gur chláraigh a shealbhóir é gan aon cheart ná aon leas dlisteanach; nó (b) gur cláraíodh é nó go bhfuil sé á úsáid de mheon mímhacánta.

Ciallaíonn ‘**(Fearann) Barrleibhéil**’ nó ‘**FBL**’ an t-ainm ag barr an ordlathais CAF. Tagraíonn an FBL don tsraith litreacha i ndiaidh an phoinc deiridh (‘.’), amhail ‘.eu’ in ‘www.eurid.eu’. Rialaíonn an Chlárlann cad iad na Fearainn Dara Leibhéal a cheadaítear in FBL .eu.

# 2 DO RÓL MAR CHLÁRAITHEOIR CREIDIÚNAITHE

## 2.1 Do Chreidiúnú

Trí bhíthin an Comhaontú seo a shíniú agus trí leanúint ar aghaidh ag tairiscint Seirbhísí Clárúcháin, comhaontaíonn tú go bhfuil na critéir Chreidiúnaithe seo a leanas á sásamh agat agus go leanfaidh tú de bheith ag sásamh na gcritéar sin trí théarma an Chomhaontaithe seo.

2.1.1. Soláthraíonn tú cruthúnas oifigiúil ar ghnó, amhail agus más infheidhme:

- ainm oifigiúil na cuideachta agus fhoirm dhlíthiúil mar atá sonraithe sa chlár tráchtála
- uimhir chlárúcháin na cuideachta
- seoladh mar atá sonraithe sa chlár tráchtála
- ainm an ionadaí (na n-ionadaithe) údaraithe (mar atá foilsithe)
- uimhir CBL
- an sliocht is déanaí agus is cothroime le dáta ón gclár tráchtála
- na hairteagail chomhlachais (comhardaithe) is déanaí

2.1.2. Deimhníonn tú go bhfuil seasamh maith airgeadais agat, trí na nithe seo a leanas a sholáthar:

- an méid faoi seach a íoc go hiomlán (réamhíocaíocht)
- cuntais airgeadais ón mbliain (ó na blianta) airgeadais roimhe seo (i gcás eintitis dhlíthiúla atá ann cheana féin agus ina gcás siúd amháin)
- deimhniú ar árachas dliteanais tráchtála

2.1.3. Tá do shuíomh gréasáin oibríochtúil agat agus déanann tú é a choimeád i dteanga amháin ar a laghad de chuid an Aontais Eorpaigh, ina bhfuil an méid seo a leanas ar a laghad:

- do shonraí aitheantais go léir (amhail ainm oifigiúil, foirm dhlíthiúil, uimhir chlárúcháin, seoladh, uimhir theileafóin, seoladh ríomhphoist agus suíomh gréasáin na cuideachta)
- faisnéis shoiléir maidir leis na seirbhísí agus maidir leis an bpraghsáil atá á dtairiscint agat
- seiceáil maidir le hinfhaighteacht fearainn nó nasc chuig https://whois.eurid.eu.

2.1.4 Soláthraíonn tú tacaíocht cheart custaiméirí do Chláraithe trí theileafón, ríomhphost, comhrá nó ar bhealach eile i gceann amháin ar a laghad de theangacha oifigiúla an Aontais Eorpaigh mar atá léirithe ar ár suíomh gréasáin nó ábhair ghnó eile atá iomchuí.

2.1.5. Barántaíonn tú go gcuireann tú ár Rialacha ar fáil do Chláraithe agus go dtugann tú orthu glacadh lenár Rialacha.

2.1.6. Tá an inniúlacht theicniúil agat chun Seirbhísí Clárúcháin an ainm fearainn a fheidhmiú agus tacú leo ar bhealach gairmiúil.

2.1.7. Mar chuid de do Phróiseas Creidiúnaithe, déanann tú réamhíocaíocht de 2500 EUR (dhá mhíle cúig chéad Euro), ar a laghad, gan aon táillí bainc nó aistrithe a chur san áireamh.

2.1.8. Is cláraitheoir gníomhach tú, i.e.

(i) ní mór go mbeadh idirbhearta iníoctha de 500 EUR ar a laghad agat in aghaidh na bliana. Mura sroichtear an t-íosmhéid sin de 500 EUR, déanfar an chuid de atá fágtha a shonrascadh pro rata (tá cláraitheoirí nuachreidiúnaithe díolmhaithe sa chéad bhliain den chreidiúnú);agus (ii) ní mór duit logáil isteach ar an ardán https://registry.eu ar a laghad uair sa bhliain chun a fhíorú go bhfuil do shonraí teagmhála cruinn agus cothrom le dáta go fóill. Mura bhfuil, ní mór duit é sin a chur in iúl dúinn láithreach ionas go ndéanfar iad a thabhairt cothrom le dáta.

2.1.9. I gcás go ndearnadh d'iarratas ar Chreidiúnú a dhiúltú, déanaimid tréimhse shuaimhnithe de bhliain amháin (1) ar a laghad a choinneáil sula gceadóimid d'iarratas nua.

Le linn théarma an Chomhaontaithe seo, tá sé de cheart againn a fhíorú ag am ar bith an bhfuil nó nach bhfuil na critéir á sásamh agat.

## 2.2 Do chearta mar Chláraitheoir Creidiúnaithe

2.2.1. Mar Chláraitheoir Creidiúnaithe tá an ceart neamheisiach agat Seirbhísí Clárúcháin a thairiscint do Chláraithe faoi na téarmaí agus coinníollacha atá leagtha amach sa Chomhaontú seo. Ní thugann an Comhaontú seo aon cheart, cumhacht nó údarú duit chun an Chlárlann a oibriú nó a bhainistiú.

2.2.2. Nuair a bheidh tú cláraithe nó nuair a bheith d'Ainm Fearainn athnuaite, cláróimid agus deonóimid an ceart do Shealbhóir an Ainm Fearainn úsáid a bhaint as an Ainm Fearainn sin. Ní dheonófar an ceart chun úsáid a bhaint as an Ainm Fearainn ach amháin má chomhlíonann an Clárúchán na Rialacháin.

2.2.3. Mar Chláraitheoir Creidiúnaithe tabharfar cuntas duit ar https://registry.eu, ardán cláraitheora, ar féidir leat é a úsáid i gcomhréir le Mír 5.2.

2.2.4. Mar Chláraitheoir Creidiúnaithe, féadfaidh tú an téarma ‘Cláraitheoir Creidiúnaithe EURid’ agus an lógó a ghabhann leis a úsáid le linn théarma an Chomhaontaithe seo agus lena linn sin amháin faoi réir ár dtreoracha agus ár dtreoirlínte mar atá siad foilsithe ar https://registry.eu.

## 2.3 Do chuid oibleagáidí mar Chláraitheoir Creidiúnaithe

2.3.1 Cinnteoidh tú, agus cuirfidh tú doiciméid ar fáil á rá, go bhfuil glactha ag gach Cláraí ar ina leith a chláraíonn tú Ainm Fearainn leis na Rialacha atá i bhfeidhm tráth déanta an Chlárúcháin agus go gcomhlíonann gach Cláraí na ceanglais go léir atá leagtha amach sna Rialacha, lena n-áirítear daingniú ón gCláraí á rá, de réir a n-eolais, go bhfuil an t-iarratas ar Chlárú Ainm Fearainn á dhéanamh de mheon macánta agus nach sáraíonn sé cearta aon tríú páirtí, gan bheith teoranta don mhéid sin; agus go gcomhlíonann an Cláraí na critéir cháilitheachta faoi mar a shainítear sna Rialacha iad.

2.3.2 Déanfaidh tú, ach iarraidh a fháil uainn ar dtús agus gan aon mhoill mhíchuí, doiciméid a sholáthar dúinn á thaispeáint go bhfuil glactha ag an gCláraí leis na Rialacha agus go gcomhlíonann an Cláraí iad

2.3.3 Ní chláróidh tú Ainmneacha Fearainn gan treoir shonrach a fháil ón gCláraí chun déanamh amhlaidh. D’ainneoin an méid sin thuas, is féidir leat líon teoranta Ainmneacha Fearainn a chlárú d’aon toisc lena n-úsáid agat féin gan treoir shonrach a fháil ó Chláraí chun déanamh amhlaidh Chun críocha na míre seo, ní mheasfar, maidir le hAinmneacha Fearainn a chláraítear le sonraí clárúcháin Chláraithe atá comhchosúil go substaintiúil, nó nasctha, leatsa (e.g. an uimhir theileafóin chéanna nó an seoladh ríomhphoist céanna a bheith ann, an duine teagmhála céanna le do theagmháil theicniúil nó billeála a bheith ann), go bhfuil siad cláraithe de réir treorach ón gCláraí.

2.3.4 Cinnteoidh tú go bhfuil na sonraí clárúcháin atá nasctha le hAinm Fearainn a chuirtear isteach chugainn cruinn, iomlán agus cothrom le dáta ag gach tráth agus gurb ionann na sonraí sin agus sonraí an Chláraí agus nach iad do shonraí féin iad. Is é a bheidh sa seoladh ríomhphoist a thíolactar i bhfaisnéis teagmhála an Chláraí ná seoladh ríomhphoist an Chláraí, agus an seoladh ríomhphoist sin amháin, agus ní hé do sheoladh ríomhphoist féin a bheidh ann, mura rud é gur féidir leat a thaispeáint gur iarr an Cláraí a mhalairt go sainráite.

2.3.5 Déanfaidh tú an fhaisnéis go léir atá ábhartha agus/nó a d’fhéadfadh tionchar a imirt ar an gcaidreamh idir an Cláraí agus sinne a chur in iúl do gach Cláraí ar mhodh tráthúil. Forchoimeádaimid an ceart chun teagmháil a dhéanamh leis an gCláraí ag am ar bith lena chinntiú go bhfaigheann an Cláraí an fhaisnéis ábhartha go léir.

2.3.6 Cinnteoidh tú go bhfuil téarma Clárúcháin an Ainm Fearainn, mar atá comhaontaithe leis an gCláraí de réir an chonartha, ag freagairt i gcónaí don téarma Clárúcháin údarásach a thaispeántar i mbunachar sonraí an chlárúcháin agus sa WHOIS gréasánbhunaithe.

2.3.7 Tabharfaidh tú cúnamh agus comhoibriú iomlán don Chláraí agus dúinne i ndáil le Seirbhísí Clárúcháin.

2.3.8 Glacfaidh tú bearta leordhóthanacha chun Clárúcháin amhantracha agus mhí-úsáideacha a sheachaint

SAMPLE

2.3.9 Comhlíonfaidh tú na Rialacha agus staonfaidh tú ó chomhoibriú go díreach nó go hindíreach, le páirtí ar bith a sháraíonn na Rialacha nó a thionscnaíonn sárú ar na rialacha. Cuirfidh tú mí-úsáid ar bith den chineál sin in iúl dúinn gan mhoill.

2.3.10 Má fhostaíonn tú tríú páirtí ar bith i do Sheirbhísí um Chlárúchán Ainmneacha Fearainn, tá tusa freagrach go hiomlán as tríú páirtí ar bith den chineál sin agus ní mór duit a chinntiú go gcomhlíonann tríú páirtí den chineál sin na hoibleagáidí atá leagtha amach sa Chomhaontú seo.

2.3.11 Cuirfidh tú mórathrú ar bith ar struchtúr dlíthiúil nó ar úinéireacht d'eagraíochta in iúl dúinn.

2.3.12 Coinneoidh tú do shonraí teagmhála atá ar ár suíomh gréasáin agus ar ár n-ardán, cruinn, iomlán agus cothrom le dáta, ionas gur féidir linn teagmháil a dhéanamh leat i gcónaí.

# 3 DO RÓL MAR PHRÓISEÁLAÍ

Déanaimidne, mar Rialaitheoir, tú a cheapadh leis seo mar Phróiseálaí agus é mar chúram ort catagóirí áirithe de Shonraí Pearsanta Cláraithe a Phróiseáil. Sa chomhthéacs sin, déanfaidh tú Sonraí Pearsanta den chineál sin a phróiseáil ar mhaithe le Seirbhísí Clárúcháin a chur i gcrích thar ceann ár gcuid treoracha agus i gcomhréir leo. Chun dabht ar bith a sheachaint, níl ní ar bith sa Chomhaontú seo a chuireann cosc ort Próiseáil Chláraitheora atá Riachtanach a dhéanamh i gcomhréir leis an Dlí is Infheidhme maidir le Cosaint Sonraí. Tá tuilleadh faisnéise maidir lenár róil agus lenár n-oibleagáidí faoi seach ar fáil ar https://registry.eu.

I ndáil leis na Seirbhísí Clárúcháin agus na gníomhaíochtaí Próiseála a rachaidh tú ina mbun mar Phróiseálaí thar ár gceann, déanfaidh tú an méid seo a leanas:

- beidh beartas soiléir príobháideachais agat a chomhlíonann an Dlí is Infheidhme maidir le Cosaint Sonraí agus cuirfidh tú an beartas sin in iúl do gach Cláraí;
- cuirfidh tú in iúl do gach Cláraí go ndéantar na Sonraí Pearsanta a bhfuil gá leo i ndáil le soláthar Seirbhísí Clárúcháin a nochtadh dúinne agus sinn ag gníomhú mar Rialaitheoir, agus déanfar tagairt dár mbeartas príobháideachais ar ár suíomh gréasáin chun an tslí ina bpróiseálaimid na Sonraí Pearsanta go léir a fhaightear a chur in iúl don Chláraí;
- laistigh de 48 uair an chloig tar éis teacht ar an eolas faoi Shárú i ndáil le Sonraí Pearsanta, cuirfidh tú an méid sin in iúl dúinn agus tabharfaidh tú cúnamh dúinn maidir le fógraí faoi shárú i ndáil le sonraí pearsanta a bhaineann leis na Sonraí Pearsanta a bhailítear le haghaidh na Seirbhísí Clárúcháin a thuairiscítear sa Chomhaontú seo, maidir le haon mheasúnuithe tionchair ar chosaint sonraí agus réamhchomhairliúcháin leis na húdaráis mhaoirseachta a bhfuil oibleagáid orainn iad a dhéanamh, agus an fhaisnéis atá ar fáil á cur san áireamh;
- déanfaidh tú, go pras agus gan mhoill mhíchuí, iarrataí ó Chláraithe i bhfeidhmiú a gceart ar leithligh (amhail an ceart go dtabharfar rochtain, an ceart go ndéanfar ceartú nó nó léirscriosadh nó go ndéanfar próiseáil a shrianadh, an ceart chun iniomparthacht sonraí, nó an ceart chun agóid a dhéanamh i gcoinne phróiseáil a Sonraí Pearsanta) nó aon iarraidh, gearán nó cumarsáid eile a bhaineann lenár n-oibleagáidí faoin Dlí is Infheidhme maidir le Cosaint Sonraí a chur in iúl dúinn agus tabharfaidh tú cúnamh iomlán dúinn;
- cruthóidh tú agus coimeádfaidh tú doiciméid maidir le do chuid gníomhaíochtaí Próiseála thar ár gceann, maidir le mionsonraí faoin bPróiseálaí (tusa) agus faoin Rialaitheoir (sinne), maidir le haistriú Sonraí Pearsanta más infheidhme, agus maidir le tuairisciú na mbeart teicniúil agus na mbeart eagraíochtúil atá glactha agat;

- comhoibreoidh tú linn go hiomlán agus cuirfidh tú ar fáil dúinn, ar iarraidh a fháil uainn, an fhaisnéis go léir is gá chun comhlíonadh an Dlí is Infheidhme maidir le Cosaint Sonraí agus na n-oibleagáidí faoin gComhaontú seo a thaispeáint;
- déanfaidh tú bearta atá riachtanach chun Sonraí Pearsanta a chosaint ar Phróiseáil neamhdhleathach nó neamhúdaraithe agus bearta riachtanacha a cheanglaítear leis an Dlí is Infheidhme maidir le Cosaint Sonraí a chur chun feidhme;
- coimeádfaidh tú Sonraí Pearsanta faoi rún ach amháin i gcás do chuid fostaithe, gníomhairí agus fochonraitheoirí nó ionadaithe eile a ghabhann do Phróiseáil Sonraí Pearsanta agus ar daoine iad:
  - a ndearnadh cineál rúnda na Sonraí Pearsanta agus na bearta riachtanacha slándála a chur in iúl dóibh;
  - a bhfuil an oiliúint iomchuí faighte acu i ndáil leis an Dlí is Infheidhme maidir le Sonraí Pearsanta;
  - atá faoi réir próisis fíordheimhnithe úsáideora agus logála isteach nuair a bhíonn rochtain á fáil ar Shonraí Pearsanta; agus atá faoi réir oibleagáidí rúndachta conartha agus cosanta sonraí.
- Chun go mbeidh ar do chumas na gníomhaíochtaí Próiseála a chur i gcrích thar ár gceann, teorannóidh tú rochtain ar Shonraí Pearsanta do na daoine sin amháin ar gá dóibh a bheith ar an eolas.
- Déanfaidh tú, ar bhonn iarratais, tuarascáil a sholáthar dúinn don bhliain féilire seo caite maidir le: a) do ghníomhaíochtaí Próiseála; b) do logaí maidir le rochtain ar Shonraí Pearsanta; agus c) Sárú i ndáil le Sonraí Pearsanta.

Ní urscaoileann an méid sin thuas tú ó chomhlíonadh an Dlí is Infheidhme maidir le Cosaint Sonraí i ndáil leis na gníomhaíochtaí a ghabhann le Próiseáil Riachtanach ag Cláraitheoir.
Más rud é nach bhfuil tú bunaithe (nó nach bhfuil tú bunaithe a thuilleadh) laistigh den Limistéar Eorpach Eacnamaíoch nó laistigh de thír a measann an Coimisiún Eorpach ina leith go soláthraíonn sí leibhéal dóthanach cosanta le haghaidh Sonraí Pearsanta i gcomhréir le reachtaíocht chosanta sonraí Eorpach, déanfaidh tú aon bheart agus gach beart a chur chun feidhme a éileofar chun an t- aistriú faoin Dlí is Infheidhme maidir le Cosaint Sonraí a cheadú.

# 4 TÁILLÍ AGUS ÍOCAÍOCHT

Mar chuid de do Phróiseas Creidiúnaithe, déanfaidh tú réamhíocaíocht EUR 2500 ar a laghad (dhá mhíle is cúig chéad Euro), gan aon táillí bainc nó aistrithe a áireamh.

Íocfaidh tú an táille is infheidhme maidir le gach idirbheart iníoctha i ndáil le gach Ainm Fearainn thar ceann aon Chláraí. Cuimsíonn idirbhearta iníoctha den chineál sin Clárúchán, athnuachan, fadú téarma, athghníomhachtú, glasáil clárlainne agus (bulc) aistriú Ainmneacha Fearainn ach níl siad teoranta dóibh sin agus tá siad liostaithe ar ár suíomh gréasáin.

Forchoimeádaimid an ceart chun leasú a dhéanamh ar na táillí le haghaidh idirbhearta iníoctha aon tráth trí fhógra a thabhairt duit tríd an seoladh ríomhphoist a chuir tú ar fáil dúinn, tráth nach déanaí ná tríocha (30) lá sula dtiocfaidh na táillí leasaithe in éifeacht, Ní bheimid faoi dhliteanas aon ús a íoc leat i leith na réamhíocaíochta.

Déanaimid sonraisc mhíosúla a eisiúint agus déanaimid na hidirbhearta iníoctha go léir atá dlite i ndáil le gach Ainm Fearainn a asbhaint ón méid sin. Déanfar Ainmneacha Fearainn nach scriostar

roimh an dáta éagtha a athnuachan go huathoibríoch agus déanfar na táillí comhfhreagracha a asbhaint go huathoibríoch as do chuntas.

I gcás ina n-aistreofar Ainm Fearainn, déanfar an táille is infheidhme maidir le haistriú den sórt sin a asbhaint go huathoibríoch as cuntas an Chláraitheora a iarrann an t-aistriú a luaithe a thagann an t-aistriú chun bheith éifeachtach. Ní dhéanfaimid aon táille a bheidh íoctha ag an gCláraitheoir aistrithe a aisíoc go hiomlán ná go páirteach.

Déanfaidh tú ár gcuid sonrasc a íoc laistigh de thríocha (30) lá tar éis dháta an tsonraisc. Cuirimid pionóis agus ús i bhfeidhm maidir le híocaíochtaí déanacha gan fógra a fháil ina leith. Déantar na pionóis a ríomh de réir 10% den mhéid atá dlite (agus méid íosta 250 EUR a bheith ann) agus iompróidh an méid atá dlite ús de ráta 1% sa mhí arna ríomh le haghaidh gach mí atá tosaithe. Ní dhéanann sé seo difear do leigheasanna eile atá ann sa Chomhaontú seo.

Tar éis duit a bheith i do Chláraitheoir Creidiúnaithe ar feadh dhá (2) bhliain ar a laghad as a chéile, féadfaidh tú clárú le haghaidh mandáid dochair dhírigh an Limistéir Eorpaigh d'Íocaíochtaí Euro (SEPA), ar choinníoll go bhfuil cuntas bainc Eorpach agat agus go bhfuil tú cláraithe le SEPA. Tar éis mandáid SEPA a shíniú, déanfaimid an méid atá leagtha amach sna sonraisc mhíosúla le haghaidh idirbhearta iníoctha a bhaint amach as do chuntas bainc agus déanfaimid an t-iarmhéid i leith aon mhéid réamhíoctha atá ar fáil fós ar do chuntas tar éis don mhandáid sin teacht in éifeacht a bhaint as aon sonraisc ina dhiaidh sin.

Tá na táillí agus na híocaíochtaí go léir in EUR, seasfaidh tú rioscaí ar bith agus na rioscaí go léir a bhaineann le malartú nó luainiú airgeadra a bhaineann leis na Seirbhísí Clárúcháin.

# 5 FÓRÁLACHA TEICNIÚLA

## 5.1 An nós imeachta C lárúcháin

Tá an nós imeachta Clárúcháin uathoibrithe go hiomlán agus comhlíonfaidh tú na nósanna imeachta atá forbartha againn maidir le Seirbhísí Clárúcháin. Tá tuilleadh mionsonraí faoi na nósanna imeachta sin ar fáil ag https://registry.eu.

Forchoimeádaimid an ceart chun leasú a dhéanamh ar an nós imeachta Clárúcháin aon tráth trí fhógra a thabhairt duit ar ríomhphoist tráth nach déanaí ná tríocha (30) lá sula dtiocfaidh an nós imeachta Clárúcháin leasaithe in éifeacht, mura n-éilíonn athruithe rialála, cobhsaíocht theicniúil nó riachtanais slándála nó idirghabhálacha práinneacha a mhalairt. An tráth céanna, déanfaimid aon fhaisnéis theicniúil is gá i ndáil le húsáid chuí an nós imeachta agat a sholáthar duit.

## 5.2 Rochtain ar ár gcórais agus ár gcórais a úsáid

Gheobhaidh tú rochtain ar ár gcórais, agus úsáidfidh tú iad, de mheon macánta agus ar mhodh a chomhlíonann, go feidhmiúil agus go teicniúil, ár lámhleabhair úsáideora atá foilsithe ar https://registry.eu nó a chuirtear ar fáil duit ar aon mhodh eile. Ní dhéanfaidh tú ár líonra a ró-ualú ná ní chuirfidh tú cosc orainn maidir le soláthar ár gcuid seirbhísí. Ní ghníomhóidh tú ar aon slí a d'fhéadfadh bagairt a dhéanamh ar chobhsaíocht ár gcóras nó an Idirlín.

Tabharfaidh tú fógra dúinn láithreach má thagann tú ar an eolas faoi aon mhífheidhmiú nó dochrú i leith ár gcuid córas teicniúil, agus déanfaidh tú aon ábhar tacaíochta a sholáthar dúinn a d'fhéadfadh cabhrú linn maidir le haon mhífheidhmiú teicniúil den sórt sin a dhiagnóisiú agus, más iomchuí, a cheartú nó a fheabhsú.  Meastar gur faisnéis rúnda aon mhífheidhmiú den sórt sin agus níor cheart í a nochtadh go poiblí gan toiliú i scríbhinn a fháil uainn roimh ré.

# 6 AISTRIÚ

Admhaíonn tú go bhfuil an ceart ag an gCláraí an tAinm Fearainn a aistriú chuig Cláraí nua agus/nó chuig Cláraitheoir Creidiúnaithe eile i gcomhréir leis na Rialacha. Trí dhéanamh de réir na nósanna imeachta atá leagtha amach sna Rialacha, admhaíonn tú agus barántaíonn tú go bhfuil aistriú an Ainm Fearainn bailí. Comhoibreoidh tú leis na páirtithe go léir atá bainteach leis na céimeanna éagsúla den phróiseas aistrithe.

Mura gcomhlíonann tú na hoibleagáidí sin, forchoimeádaimid an ceart chun an t-aistriú a fhorghníomhú agus ní féidir linn glacadh le haon dliteanas i leith déanamh amhlaidh.

# 7 TÉARMA AGUS FOIRCEANNADH

Tá an Comhaontú seo in éifeacht ó bheidh do Phróiseas Creidiúnaithe curtha i gcrích go rathúil nó ón 13 Deireadh Fómhair 2022, cibé acu is déanaí, agus tá sé á thabhairt i gcrích go ceann tréimhse bliana amháin (1).

Ag deireadh na tréimhse tosaigh aon (1) bhliain sin, déanfar an Comhaontú seo a fhadú go huathoibríoch ar feadh tréimhsí comhleanúnacha aon (1) bhliain, mura rud é go gcuirfidh ceachtar páirtí in iúl don pháirtí eile i scríbhinn, agus fógra trí (3) mhí á thabhairt aige, nach mian leis an Comhaontú a fhadú nó mura rud é go bhfoirceanntar an Comhaontú seo mar atá leagtha amach thíos.

## 7.1 Ár mandáid a fhoirceannadh

Foirceannfar an Comhaontú láithreach más rud é, ar aon chúis, nach bhfuilimid ábalta Clárúchán a thairiscint a thuilleadh. Séanaimid aon fhreagracht i ndáil le damáistí a leanann as foirceannadh den sórt sin, mura rud é gurb é mórfhaillí nó calaois ar ár dtaobhna is cúis leis an bhfoirceannadh.

A luaithe a thagaimid ar an eolas go bhfuil aon fhoirceannadh le déanamh ar ár mandáid go gairid, déanfaimid ár míle dícheall chun leanúint i bhfeidhm nó aistriú an Chomhaontaithe seo a éascú ar an dáta foirceanta nó roimhe agus chun tréimhse fógra roimh fhoirceannadh ár mandáide a áirithiú.



SAMPLE

## 7.2 Sárú conartha

Má sháraíonn tú aon téarmaí de chuid an Chomhaontaithe seo, cuirfimid an méid sin in iúl duit trí ríomhphost agus/nó trí litir chláraithe á iarraidh ort scor de shárú den sórt sin.

Forchoimeádaimid an ceart chun an Comhaontú seo a chur ar fionraí nó a fhoirceannadh, nó pionós nach bhfuil chomh dian leis sin a ghearradh gan aon fhógra breise agus gan aon chúiteamh a bheith dlite, más rud é nach ndéantar an sárú a leigheas laistigh den tréimhse a cheadaímid.

## 7.3 Foirceannadh láithreach

Féadfaimid an Comhaontú seo a fhoirceannadh láithreach más rud é go dtarlóidh ceann ar bith de na himeachtaí seo a leanas:

- Má tá baol láithreach dár n-oibríochtaí gnó mar thoradh ar do ghníomhartha nó neamhghníomhartha;
- Má chuirtear slándáil nó feidhmiú ceart ár gcóras i mbaol mar thoradh ar do ghníomhartha nó neamhghníomhartha.

## 7.4 Féimheacht nó foirceannadh

Foirceannfar an Comhaontú seo láithreach, gan aon chúiteamh a bheith dlite duit, má thagann tú chun bheith féimheach, má dhéanann tú iarratas ar imshocraíocht bhreithiúnach, nó má fhoirceanntar do ghnó.

# 8 NA hIARMHAIRÍ A BHAINEANN LE FOIRCEANNADH

Tar éis an Comhaontú seo a fhoirceannadh, déanfaidh tú aon táillí gan íoc a bhí dlite roimh an bhfoirceannadh a íoc láithreach agus déanfar do chuntas Cláraitheora a fhoirceannadh. Déanfar na hAinmneacha Fearainn go léir i do phunann a aistriú chuig Cláraitheoir Creidiúnaithe amháin nó níos mó. Más infheidhme, tabharfaimid aisíocaíocht duit i leith aon iarmhéid atá fágtha ar do chuntas.

Tar éis an Comhaontú seo a fhoirceannadh, déanfaidh tú na Sonraí Pearsanta a bheidh próiseáilte faoin gComhaontú seo mar chuid de na Seirbhísí Clárúcháin a thabhairt ar ais agus/nó a scriosadh agus/nó a dhéanamh anaithnid (an leagan príomha agus an leagan cúltaca araon) mura rud é go gceanglaítear le dlí AE nó le dlí de chuid Ballstáit den AE Sonraí Pearsanta a stóráil, ach sin gan dochar do chearta agus do d’oibleagáidí dílse i ndáil le Sonraí Pearsanta a chlúdaítear le Próiseáil Riachtanach ag Cláraitheoir Tabharfaidh tú deimhniú á rá go ndearna tú amhlaidh laistigh d’aon (1) mhí ó thráth foirceanta an Chomhaontaithe seo. Beidh na clásail lena rialaítear Próiseáil Sonraí Pearsanta ar marthain tar éis fhoirceannadh an Chomhaontaithe seo agus fanfaidh siad in éifeacht go dtí go mbeidh na Sonraí Pearsanta go léir a bheidh próiseáilte thar ár gceann faoin gComhaontú seo tugtha ar ais agus/nó scriosta nó déanta anaithnid.

Tar éis an Comhaontú seo a fhoirceannadh, scoirfidh tú d’úsáid a bhaint as an téarma Cláraitheoir Creidiúnaithe EURid, as ár n-ainm, agus as ár lógó(nna).

# 9 CEARTA A SHANNADH AGUS GNÍOMHAÍOCHTAÍ FOPHRÓISEÁLA

Ní fhéadfaidh tú do chearta agus d’oibleagáidí faoin gComhaontú seo a shannadh do Chláraitheoir Creidiúnaithe eile gan toiliú i scríbhinn a fháil uainn roimh ré.

Féadfaidh tú a údarú do thríú páirtí aon cheann de na gníomhaíochtaí Próiseála a bhfuil gá leo le haghaidh na Seirbhísí Clárúcháin faoin gComhaontú seo a ligean ar fochonradh ar choinníoll go dtugann tú fógra dúinn i scríbhinn roimh ré. Tá an fophróiseálaí faoi réir na gceanglas conarthach céanna, ó thaobh cosaint sonraí de, agus a bhaineann leis na gníomhaíochtaí próiseála Sonraí Pearsanta atá infheidhme maidir leatsa faoin gComhaontú seo, agus tá tusa faoi dhliteanas i gcónaí i leith aon mhainneachtain de chuid an fhophróiseálaí.

# 10 SLÁNAÍOCHT

Slánaíonn tú sinn in aghaidh aon éilimh ar dhamáistí i gcúirt nó lasmuigh de chúirt atá déanta ag Cláraithe nó tríú páirtithe inár n-aghaidh as na táirgí agus seirbhísí a bhí á dtairiscint, lena n-áirítear éilimh maidir le sárú an Chomhaontaithe seo agatsa; éilimh maidir leis na Seirbhísí Clárúcháin; éilimh a bhaineann le foirceannadh ár mandáide; éilimh ó thríú páirtithe ar chearta maidir le hAinm Fearainn; éilimh a bhaineann le lochtanna teicniúla nó le heasnaimh theicniúla; agus éilimh de bharr sáruithe ar an Dlí is Infheidhme maidir le Cosaint Sonraí is inchurtha i do leith féin nó i leith aon fhophróiseálaí de do chuid i gcomhthéacs an Chomhaontaithe seo.

SAMPLE

# 11 TEORANNÚ DLITEANAIS

Ar aon chaoi, tá ár ndliteanas i leith damáistí teoranta do mhéid an táille Chlárúcháin atá i bhfeidhm ag an am a ndéantar an díospóid a ardú linne. Comhaontaíonn tú nach bhféadfar damáistí níos mó ná damáistí eile a éileamh uainn.

# 12 ILGHNÉITHEACH

Tagann an Comhaontú seo faoi réir dhlí na Beilge Beidh gach díospóid a bhaineann leis faoi réir dhlínse eisiach chúirteanna na Bruiséile.

Déanfar aon leasú ar an gComhaontú seo nó ar na Rialacha a chur in iúl duit (tríd an seoladh ríomhphoist a chuir tú ar fáil dúinn) agus beidh éifeacht ag aon leasú den sórt sin tríocha (30) lá

tar éis é a chur in iúl. Más rud é nach bhfaighimid diúltú uait i leith na dtéarmaí leasaithe trí ríomhphost nó trí litir chláraithe laistigh de thríocha (30) lá tar éis an fógra sin a thabhairt nó má leanann tú ar aghaidh ag úsáid ár gcuid seirbhísí, measfar go bhfuil tú tar éis comhaontú leis na téarmaí leasaithe.

Ní athraíonn an Comhaontú seo stádas aon chearta maoine intleachtúla atá ag na páirtithe lena mbaineann (go háirithe aistriú úinéireachta ar a chearta maoine intleachtúla faoi seach, nó ar cheadúnais i leith na gceart sin, ag ceachtar páirtí, ach gan bheith teoranta don mhéid sin).
Is é an leagan Béarla den Chomhaontú seo a bheidh barántúil maidir le gach gné de agus beidh forlámhas ag an leagan sin i gcás aon neamhréireachtaí le haon leagan aistrithe.